Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13901/18**

**CT 177**
**ENFOPOL 540**
**COTER 150**
**JAI 1102**
**FIN 860**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 6 Samhain 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13112/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Tackling radicalisation that leads to terrorism: the Commission addressed the needs of Member States, but with some shortfalls in coordination and evaluation* [Ag dul i ngleic le radacú óna n-eascraíonn sceimhlitheoireacht: thug an Coimisiún aghaidh ar na riachtanais atá ag na Ballstáit, ach le roinnt easnamh ann sa chomhordú agus sa mheastóireacht]<br>- *Conclúidí ón gComhairle (6 Samhain 2018)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Tackling radicalisation that leads to terrorism: the Commission addressed the needs of Member States, but with some shortfalls in coordination and evaluation* [Ag dul i ngleic le radacú óna n-eascraíonn sceimhlitheoireacht: thug an Coimisiún aghaidh ar na riachtanais atá ag na Ballstáit, ach le roinnt easnamh ann sa chomhordú agus sa mheastóireacht], arna glacadh ag an gComhairle ag an 3646ú cruinniú dá cuid, a bhí ar siúl ar an 6 Samhain 2018.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal**

***Tackling radicalisation that leads to terrorism: the Commission addressed the needs of Member States, but with some shortfalls in coordination and evaluation* [Ag dul i ngleic le radacú óna n-eascraíonn sceimhlitheoireacht: thug an Coimisiún aghaidh ar na riachtanais atá ag na Ballstáit, ach le roinnt easnamh ann sa chomhordú agus sa mheastóireacht]**

IS DÍOL SÁSAIMH AG COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. Tuarascáil Speisialta Uimh. 13 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Tackling radicalisation that leads to terrorism: the Commission addressed the needs of Member States, but with some shortfalls in coordination and evaluation.* [Ag dul i ngleic le radacú óna n-eascraíonn sceimhlitheoireacht: thug an Coimisiún aghaidh ar na riachtanais atá ag na Ballstáit, ach le roinnt easnamh ann sa chomhordú agus sa mheastóireacht][1].

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na freagraí ón gCoimisiún a ghabhann leis an Tuarascáil Speisialta agus go nglacann an Coimisiún le príomh-mholtaí na Tuarascála Speisialta.

3. GLACANN SÍ leis na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta agus AITHNÍONN SÍ

   – go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcreat le haghaidh comhordú foriomlán na ngníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar an radacú;

   – go bhféadfaí an tacaíocht phraiticiúil a thugtar do na cleachtóirí agus do lucht déanta beartais sna Ballstáit a mhéadú; agus

   – go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcreat le haghaidh measúnú a dhéanamh ar thorthaí.

---

[1] Tá an tuarascáil le fáil sna teangacha oifigiúla go léir ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=45801

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún ó glacadh an Tuarascáil Speisialta, agus aird á tabhairt go háirithe ar an tuarascáil deiridh ó Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe an Choimisiúin maidir leis an Radacú (HLCEG-R). Glacadh tuarascáil HLCEG-R ar an 18 Bealtaine 2018, agus leagtar amach inti moltaí sonracha maidir le roinnt réimsí beartais, amhail an radacú sna príosúin; comhar ilpháirtithe leasmhara ar an leibhéal áitiúil; oideachas; agus cuimsiú sóisialta. Áirítear chomh maith inti Bord Stiúrtha a bhunú chun a áirithiú go mbeidh baint níos dlúithe ag na Ballstáit le treoshuíomh straitéiseach ghníomhaíocht an Aontais chun radacú a chosc agus a chomhrac agus struchtúr atreisithe comhordúcháin agus tacaíochta a chruthú de réir a chéile laistigh den Choimisiún[2].

5. TÁ SÍ AG SÚIL LE cuntais rialta chuig an Meitheal um Sceimhlitheoireacht agus chuig meithleacha ábhartha eile maidir leis an obair atá ag dul ar aghaidh agus tá sí ag súil leis an meastóireacht ar an dul chun atá déanta faoin sásra comhair AE atá beartaithe i rith 2019 i ndáil le cuspóirí comhroinnte agus tagarmharcanna féideartha. Ba cheart go gcuirfí torthaí na meastóireachta sin i láthair ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile i mí na Nollag 2019.

---

[2] Féach freisin an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE dar teideal *Fifteenth Progress Report towards an effective and genuine Security Union* [An Cúigiú Tuarascáil Déag ar dhul chun cinn i dtreo Aontas Slándála éifeachtach dílis] (10206/18), ina leagann an Coimisiún amach an tslí chun cinn le cosc a chur leis an radacú i bhfianaise thuarascáil deiridh an Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe maidir leis an Radacú.]